2023 | Straitéis Chumarsáide
2026 | CLG

FEIDHM REATHA NA CUMARSÁIDE

RANNÓG CUMARSÁIDE CLG

Oifigigh Chumarsáide ag leibhéal an chúige

Oifigigh Chumarsáide ag leibhéal an chontae

Oifigigh Chumarsáide ag leibhéal an chlub

Páirtnéirí sna Meáin Chumarsáide agus Soláthróirí Seirbhísí

RÉAMHRÁ

Seán Ó hÓráin
Iar-Uachtarán Chumann Lúthchleas Gael
(2019-2021)

Labhrás Mac Cárthaigh
Uachtarán Chumann Lúthchleas Gael

Is cúis mhór áthais dúinn an deis seo a bheith againn fáilte a chur roimh fhoilsiú Plean Nua do Chúrsaí Cumarsáide i gCumann Lúthchleas Gael.

Creideann muid go rachaidh an plean seo chun sochair an chumainn ar fad nuair a chuirtear i bhfeidhm é – ó ghréasán na gclubanna go dtí na contaetha agus uaidh sin go dtí na cúigí agus go dtí an fhoireann a oibríonn i bPáirc an Chrócaigh.

Tá muid tar éis go leor a fhoghlaim ó na dúshláin éagsúla a d'eascair as an bpaindéim agus an tábhacht a bhaineann le cumarsáid shoiléir a dhéanamh ach go háirithe.

Bíonn cumarsáid éifeachtach ag croílár eagraíochta ar bith atá éifeachtúil agus a fheidhmíonn go maith.

Tá an gá le cumarsáid éifeachtach fite fuaite i ngach rud a dhéanann Cumann Lúthchleas Gael agus ba mar sin a bhí sé ó bunaíodh é.

Ní bhaineann cúrsaí cumarsáide le haon oifigeach ar leith nó le haon rannóg ar leith. Baineann sé linn uilig. Tá an tábhacht a bhaineann le cumarsáid éifeachtach le feiceáil sa tionchar atá aici ar an gcaoi a n-eagraíonn muid ár gcluichí agus ár ngíomhaíochtaí agus ar an íomhá de CLG a chuireann muid chun cinn.

Insíonn an chaoi a dtéann muid i mbun cumarsáide go leor fúinn mar eagraíocht, freisin. Insíonn sé faoin mbealach a riarann muid ár gcuid gnóthaí agus faoin iarracht a dhéanann muid a chinntiú go bhfuil an oiread daoine agus is féidir ar an eolas faoi na rudaí atá oiriúnach don ról atá acu féin i CLG – cibé rud é féin.

Dar ndóigh, baineann an nath uileghabhálach, 'cumarsáid', leis an iliomad ceisteanna agus dúshlán. Déanann muid ár ndícheall a bheith chomh maith agus is féidir linn agus muid ag tabhairt faoi na dúshláin agus na ceisteanna sin.

Chomh maith le bheith ag eagrú cluichí agus seisiún traenála dár gcuid imreoirí, ball agus lucht leanta, caitear an phoiblíocht chuí a dhéanamh orthu. Ní raibh an gá le dea-chumarsáid riamh chomh tábhachtach agus atá anois.

Ní raibh sé riamh chomh héasca cumarsáid a dhéanamh le daoine ach, mar sin féin, an raibh sé riamh chomh deacair cluas éisteachta a fháil?

Ba í aidhm na straitéise seo ná athbhreithniú a dhéanamh ar an mbealach ina bhfuil muid réitithe le tabhairt faoi na nithe éagsúla a bhfuiltear ag súil leo uainn i réimse seo na cumarsáide; na dúshláin agus na bacanna atá os ár gcomhair amach a shainmhíniú go soiléir agus, ar deireadh, plean a leagan amach le laigí a aithint – bíodh siad ann nó ná bíodh – le freastal cuí a dhéanamh ar CLG sna míonna agus sna blianta amach romhainn.

Tá an tírdhreach ina bhfuil muid ag feidhmiú athraithe ó bhonn taobh istigh d'achar gairid agus cruthaíonn sé sin dúshláin dúinn.

Tá muid den tuairim go rachaidh na smaointe agus an treoir atá molta san obair seo chun sochair CLG. Tá muid muiníneach, freisin, go gcinnteoidh an straitéis seo go gcoinneoidh muid orainn ag forbairt agus ag glacadh bealaí nua agus níos fearr chugainn féin le rudaí a dhéanamh chun ár gcluichí agus ár ngíomhaíochtaí a dhaingniú in imeacht aimsire agus go dtí go mbíonn gá le plean eile den chineál seo a dhéanamh arís, de bharr tuilleadh dul chun cinn i gcúrsaí teiceolaíochta sna blianta amach romhainn.

Ar aghaidh linn le chéile,

Seán Ó hÓráin
Iar-Uachtarán Chumann Lúthchleas Gael

Labhrás Mac Cárthaigh
Uachtarán Chumann Lúthchleas Gael

RÉAMHRÁ

Alan Mac Maoldúin
Stiúrthóir Cumarsáide CLG

Gearóid Ó Riain
Cathaoirleach Choiste Cumarsáide CLG
(2019-2021)

Tá an-áthas orainn fáiltiú roimh fhoilsiú Phlean Nua Cumarsáide Chumann Lúthchleas Gael.

Ní haon áibhéil a rá gur athraíodh ár saolta níos mó le deich bliana anuas ná mar a athraíodh sa daichead bliain roimhe sin.

Téann go leor den chíor thuathail siar chuig na forbairtí teicneolaíochta reatha atá againn agus chuig an tionchar mór a bhíonn acu ar na bealaí is bunúsaí a dhéanann muid cumarsáid le chéile.

Is i réimse na cumarsáide is mó atá rudaí den chineál seo le brath, áit a bhfuil na gnáthnósanna sochaíocha athraithe ó bhonn. Tá athrú buan tagtha ar na rudaí a mbíonn daoine ag súil leis uainn agus muid ag maireachtáil i ré 24/7 áit a mbíonn daoine ag feidhmiú i gcónaí, nó, áit a mbíonn daoine ag súil go mbeadh daoine ag feidhmiú i gcónaí.

Bhí Cumann Lúthchleas Gael mórtasach i gcónaí as na struchtúir atá aige, struchtúir a chabhraigh leis a theachtaireacht a scaipeadh.

Chabhraigh na príomh-mheáin chumarsáide leis an bpróiseas seo ar bhealach suntasach agus ba sa bhliain 1926, i bPáirc an Chrócaigh, a bhí an chéad chraoladh rathúil ar cheann dár gcuid cluichí. Léirigh an craoladh seo na deiseanna a bhí ann do na meáin cur leis an méid a bhí ar bun acu. Bhí an méid a bhí ar bun acu greannta sna meáin chló ar feadh na mblianta roimhe sin.

Tá nasc idir próifíl CLG agus an ábharthacht a bhaineann leis ag aon am leith, dar leis an gCumann féin, chomh maith leis an méid suime atá ag daoine sna rudaí a dhéanann muid.

Má athraíonn an tsochaí, agus muna n-eiríonn linn fanacht ábhartha, is i réimse na cumarsáide is mó a mhothófar sin.

Cé nach raibh sé riamh chomh héasca céanna dul i mbun cumarsáide de bharr na huislisí atá ar fáil dúinn, is dúshlán iomlán difriúil é na daoine cearta a mhealladh le héisteacht linn.

Eascraíonn an plean seo as iniúchadh cuimsitheach ó bhun go barr a rinneadh maidir leis an gcaoi a dtéann CLG i mbun cumarsáide go hinmheánach agus go seachtrach, chomh maith leis an ngá atá ann a dhéanamh cinnte go bhfuil cur chuige cumarsáideach an Chumainn oiriúnach, ag gach leibhéal, do na blianta amach romhainn.

Díríonn an plean ar cheithre réimse éagsúla agus leagtar síos trí phríomhréimse ghníomhnaíochta a imreoidh tionchar ar chumarsáid éifeachtach ar mhaithe le Cumann Lúthchleas Gael trí chéile, dar linn féin.

Tá muid ag súil leis na gnéithe éagsúla den phlean seo a chur i bhfeidhm. Tá muid ag súil, freisin, le bheith ag plé lenár gcuid ball agus ag an am céanna lenár gcluichí, lenár dteanga, lenár gcultúr agus le gach rud eile a bhaineann le CLG a chur chun cinn.

Le gach dea ghuí,

Alan Mac Maoldúin
Stiúrthóir
Cumarsáide CLG

Gearóid Ó Riain
Cathaoirleach Choiste
Cumarsáide CLG
(2019-2021)

PLEAN CUMARSÁIDE CLG 2023 - 2026

CEITHRE THÉAMA A THAGANN CHUN CINN

Ceangal níos fearr a chruthú le Baill CLG agus leis an bPobal

Cumarsáid níos straitéisí agus níos réamhghníomhaí a dhéanamh

Níos mó soiléireachta maidir le 'cé tá ag insint scéal CLG'

An plé leis na meáin a dhéanamh nua-aimseartha

LÁIDRIÚ

AN CEANGAL IDIR CLG AGUS A CHUID BALL AGUS AN POBAL I GCOITINNE A LÁIDRIÚ

- Clár a fhorbairt maidir le comhpháirtíocht sa Chlub
- Athbhreithniú a dhéanamh ar na struchtúir chumarsáide reatha
- Ról an OCP a shainmhíniú as an nua
- Deiseanna oiliúna a chur ar fáil do gach oifigeach cumarsáide
- Na hacmhainní cuí a chur ar fáil don Rannóg Cumarsáide le go bhféadfaí tacú leis na hOifigigh Chaidrimh Phoiblí
- An Ghaeilge a chur chun cinn
- Plean óige a fhorbairt
- Clár aiseolais a chur ar bun
- Imeascadh le lucht margaíochta
- Clár aitheantais a chur ar bun le héachtaí laochra móra a bhíonn ag feidhmiú go deonach a aithint

FEABHSÚ

DEA-CHÁIL CLG A FHEABHSÚ AGUS A CHUR CHUN CINN

- Creatlach a chur ar bun maidir leis an gcaoi le cáil CLG a bhainistiú chomh maith leis an gcaoi le tabhairt faoi ghéarchéimeanna
- Plean cumarsáide trasrannóige bliantúil a chur le chéile
- Prótacail maidir le caint phoiblí a fhorbairt
- Athbhreithniú a dhéanamh ar na modhanna cumarsáide agus ar an gcaoi a n-úsáidtear iad
- An chaoi le bainistiú a dhéanamh ar cháil CLG a chur chun cinn i measc gach aonad
- Díriú ar mheáin chumarsáide nach mbíonn ag plé le cúrsaí spóirt
- Staidéar tionchair eacnamaíochta a choimisiniú ar thionchar CLG sa tsochaí

INSINT

SCÉAL CLG A INSINT AR BHEALAÍ NUA AGUS AR BHEALAÍ NÍOS FEARR

- Príomhtheachtaireachtaí agus 'croiscéal' a fhorbairt do CLG
- Straitéis nua ábhair agus dhigiteach a dhréachtadh
- Gabháil i mbun plé leis an gcoiste óige
- Straitéis a fhorbairt le ceangal a dhéanamh leis na 'hÉireannaigh Nua'
- Cur chuige a ghlacadh atá dírithe ar mhuintir na hÉireann thar lear
- Prótacail a chur ar bun agus oiliúint a chur ar fáil sna meáin chumarsáide d'imreoirí agus do bhainisteoirí
- Athbhreithniú a dhéanamh ar pháirtnéireachtaí leis na meáin
- Cur chuige réamhghníomhach agus trédhearcach a chinntiú maidir le cúrsaí smachtaithe

ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN

Rinneadh Straitéis Chumarsáide CLG a fhorbairt d'fhonn spriocanna straitéiseacha an Chumainn mar atá leagtha amach in 'Aontas 2026 – I dTreo CLG Amháin Do Chách', Plean Straitéiseach CLG, a éascú.

Déileálann Mír 4 go sonrach le cúrsaí cumarsáide faoi na ceannteidil seo a leanas; 'Cumarsáid Réamhghníomhach', 'Ag Ceangal le Baill agus le Lucht Leanta,' 'Ag Plé le Daoine Óga' agus 'Ag Ceiliúradh na Gaeilge agus ár gCultúir'.

Agus an straitéis seo á dréachtadh, fuair CLG comhairle ó go leor dreamanna agus daoine éagsúla, go hinmheánach agus go seachtrach, agus tuigeann an Cumann go maith go bhfuil sé ag feidhmiú i dtimpeallacht cumarsáide agus meán sóisialta atá tar éis athrú go suntasach le deich mbliana anuas.

Ó thús go deireadh an phróisis a bhain leis an straitéis seo a fhorbairt, bhí líon suntasach dea-thola le brath go soiléir do CLG agus don ghné amaitéarach agus phobalbhunaithe a bhaineann leis. Fianaise a bhí sa líon ard plé le páirtithe leasmhara den bhród agus den úinéireacht a bhraitear do CLG. Chomh maith leis sin, bhí meas le braistint don Chumann uathu siúd a bhí bainteach le heagrais spóirt eile, agus uathu siúd a bhí bainteach le heagrais eile nach eagrais spóirt iad.

Briseadh síos na torthaí agus na moltaí ó na hagallaimh chuimsitheacha agus ó na suirbhéanna a rinneadh mar seo a leanas:

- Ceangal níos fearr a chruthú le baill agus le pobail CLG
- Cumarsáid níos straitéisí agus níos réamhghníomhaí a dhéanamh
- A bheith níos soiléire maidir le 'cé tá ag insint scéal CLG'
- An plé leis na meáin chumarsáide a dhéanamh ar bhealach atá níos nua-aimseartha

D'fhonn na dúshláin chumarsáide a aithníodh a shárú, rinneadh forbairt ar na trí sprioc straitéiseacha seo a leanas maidir le Cumarsáid CLG:

- An ceangal idir CLG agus a chuid ball, agus an mórphobal a leanann cúrsaí CLG i gcoitinne, a dhaingniú
- Cur le dea-cháil CLG agus an dea-cháil sin a chur chun cinn
- Scéal CLG a insint ar bhealaí nua agus ar bhealaí níos fearr

Rinneadh forbairt ar shraith prionsabal faoi gach ceann de na spriocanna sin le muid a stiúradh, rud a mbeidh tionchar aige ar na gníomhartha atá beartaithe againn.

DAINGNIGH

An ceangal idir CLG agus a aonaid, a bhaill agus an mórphobal a bhíonn ag leanúint chúrsaí CLG i gcoitinne, a dhaingniú. Beidh cumarsáid níos dírí againn lenár gcuid ball agus lenár lucht leanta agus ní bheidh muid ag brath chomh mór céanna ar na bealaí céimlathacha cumarsáide trí na cúigí, na contaetha agus na clubanna, agus trína gcuid oifigeach – dream a bhíonn an-ghnóthach.

Coinneoidh muid orainn ag glacadh chugainn an éagsúlacht glórtha atá taobh istigh den Chumann. Glacfaidh muid leis an éagsúlacht sin, chomh maith leis gcultúr daonlathach atá mar dhlúthchuid de chuid CLG, mar chroíláidreacht de chuid an Chumainn, áit ar féidir le baill plé oscailte agus gníomhach a bheith acu maidir leis na cinntí a thógtar sa Chumann.

Beidh plé cuimsitheach agus leanúnach againn lenár gcuid ball.

Beidh ról ag an Straitéis i gcur chun cinn na Gaeilge, freisin. Mar bhunchloch de chuid Chumann Lúthchleas Gael, beidh áit lárnach ag an eagraíocht inár dteanga náisiúnta a fhorbairt, a chothú agus a chaomhnú. Beidh leagan den cháipéis seo ar fáil i nGaeilge agus oibreoimid lenár nOifigeach Forbartha Gaeilge chun a chinntiú go mbeidh an Ghaeilge le feiceáil agus le cloisteáil tríd an gCumann.

FEABHSAIGH

Cur le dea-cháil CLG agus an dea-cháil sin a chur chun cinn.

Rachaidh muid in oiriúint cultúir chumarsáide atá níos réamhghníomhaí a bhfuil straitéis shoiléir aige maidir lena dhea-cháil a bhainistiú ag gach leibhéal. Coinneoidh muid an dea-cháil sin ag croílár aon chinneadh a thógann muid d'fhonn ceann de na hacmhainní is luachmhara atá againn a chur chun cinn. Ag an am céanna, ní sheachnóidh muid na cinntí móra straitéiseacha fadtéarmacha a d'fhéadfadh cáineadh a tharraingt orainn go gearrthéarmach. Feidhmeoidh sealbhóirí oifige agus foireann ag gach leibhéal de chuid CLG mar chaomhnóirí, oideachasóirí agus mar lucht leanta le dea-cháil luachmhar an Chumainn a chosaint agus a chur chun cinn.

INIS

Scéal CLG a insint ar bhealaí nua agus ar bhealaí níos fearr.

Glacfaidh muid chugainn féin ról na meán cumarsáide ina n-iomláine agus iad ag cur chun cinn ár gcluichí i dtimpeallacht atá iomaíoch maidir le haird lucht féachana mór agus éagsúil a fháil.

Cuirfidh muid leis an tuiscint atá againn ar ardáin chumarsáide nua atá ag forbairt de shíor agus díreoidh muid ar nósmhaireachtaí an lucht leanta atá againn maidir leis na meáin chumarsáide. Ag an am céanna, coinneoidh muid na ceangail éifeachtacha atá againn leis na meáin thraidisiúnta atá fós ag feidhmiú i bpobail de chuid CLG.

Tabharfaidh muid faoin gceist maidir le himreoirí agus bainisteoirí idirchontae gan a bheith ar fáil do na meáin. Tá na daoine seo ar cheann de na hacmhainní is luachmhara atá againn maidir le cur chun cinn chluichí agus ghníomhaíochtaí an Chumainn.

RÉAMHRÁ AGUS COMHTHÉACS

Rinneadh an Straitéis Chumarsáide seo de chuid CLG a fhorbairt d'fhonn spriocanna straitéiseacha an Chumainn mar atá leagtha amach i bPlean Straitéiseach Chumann Lúthchleas Gael 'Aontas 2026 – I dTreo CLG Amháin Do Chách', a éascú.

Rinneadh an straitéis seo a fhorbairt i ndiaidh do phróiseas cuimsitheach comhairliúcháin le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha a bheith ann.

Agus an straitéis seo dréachtaithe, tuigeann CLG go maith go bhfuil sé ag feidhmiú i dtimpeallacht atá bunaithe ar chumarsáid agus ar mheáin chumarsáide atá athraithe go mór le deich mbliana anuas.

Agus muid ag maireachtáil sa bhliain 2023, ó thaobh na cumarsáide agus dhea-cháil CLG de, ní mór don Chumann a thabhairt san áireamh go bhfuil tírdhreach na meán athraithe ó bhonn. Mar sin féin, ní hé an t-aon rud ar chóir a thabhairt san áireamh – ná baol air!

Is mó an t-iniúchadh a dhéantar ar obair na n-eagras spóirt. Tá CLG ag feidhmiú i dtimpeallacht ina bhfuil iomaíocht ann maidir le himreoirí, lucht leanúna, baill, comhpháirteachas ón bpobal chomh maith le réimsí eile ar leith nach raibh ann riamh cheana.

Sa chomhthéacs seo, tá straitéis a chuireann íomhá agus dea-cháil CLG chun chun cinn agus a chosnaíonn í, ríthábhachtach. Le linn na chéad trí bliana eile, réiteofar próisis chaighdeánta chumarsáide. Éascófar an t-ullmhúchán cuí atá ag teastáil le dul i ngleic le mórcheisteanna agus le géarchéimeanna. Feabhsóidh a leithéid cúrsaí spride agus cúrsaí meanman i measc lucht leanúna CLG agus níos tábhachtaí fós, tacóidh sé le cur chun cinn na gcluichí agus an chultúir, rudaí atá fíorthábhachtach do na mílte mílte duine.

STRAITÉIS NUA LÁRNACH CUMARSÁIDE LE DÍRIÚ AR PHÁIRTITHE LEASMHARA INMHEÁNACHA AGUS SEACHTRACHA

TREOCHTAÍ CUMARSÁIDE AGUS TÍRDHREACH NÍOS LEITHNE NA MEÁN CUMARSÁIDE

Ní mór d'eagraíocht ar bith a bhíonn ag breathnú ar an Straitéis Chumarsáide atá acu na hathruithe ar fad atá ag tarlú i ndomhan mór na meán agus na cumarsáide a thabhairt san áireamh agus, go háirithe i gcás CLG, an tionchar atá ag na hathruithe sin ar eagraíochtaí móra spóirt agus cultúrtha.

Tá tionchar mór ag na treochtaí agus ag na hathruithe seo ar an gcaoi a sciaptear eolas agus, dar ndóigh, ar an gcaoi a bhfaightear eolas.

Tá an modúl traidisiúnta 'forleathaithe' ina sciaptear eolas trí leibhéil éagsúla de chuid CLG nó trí rúnaithe coistí úsáideach ach, maidir le heolas a scaipeadh chuig baill agus chuig an mórphobal ar bhonn níos leithne, táthar den tuairim agus táthar ag súil go scaipfí a leithéid ar bhealach níos dírí.

76% a úsáideann na meáin shóisialta gach lá

63% a bhfuil cuntas Facebook dá gcuid féin acu

80% a éisteann leis an raidió gach lá

84% a bhreathnaíonn ar an teilifís beo

42% a bhíonn ag breathnú ar na meáin shóisialta agus iad ag breathnú ar spórt

ATHRUITHE I DTÍRDHREACH NA MEÁN

Luathaithe ag Covid-19, tá athruithe nach bhfacthas riamh tagtha ar chúrsaí teicneolaíochta le deich mbliana anuas. Mar shampla, athruithe ar úsáid fón cliste chomh maith le hathruithe sa chaoi a roinneann agus a múnlaíonn eagraíochtaí agus na meáin chumarsáide eolas.

De bharr an bhorrtha as cuimse atá tagtha ar na meáin ar líne agus ar na meáin dhigiteacha, úsáideann 76% de dhaoine fásta na meáin shóisialta gach lá[1] agus tá cuntas Facebook ag 63% de dhaoine fásta[2]. Tá an-tóir fós ar chúrsaí raidió, raidió áitiúil agus réigiúnda san áireamh, agus bíonn 80% de dhaoine fásta ag éisteacht leis an raidió gach lá. Éisteann na daoine seo leis an raidió beo ar feadh ceithre uair an chloig in aghaidh an lae ar an meán. Dar ndóigh, bíonn go leor daoine ag éisteacht le podchraoltaí agus le seirbhísí ar nós Spotify[3], freisin. Tá muintir na hÉireann fós an-dílis do raidió áitiúil agus do raidió náisiúnta.

Tá an-tóir fós ar theilifís bheo agus breathnaíonn 84% ar a leithéid. In ainneoin go raibh laghdú ar líon na gcluichí de bharr Covid-19, bhí spórt beo i measc trí cinn de na ceithre chlár is mó lucht lucht féachana sa bhliain 2021 agus i measc seacht gcinn de na deich gclár is mó lucht féachana. Caitheadh dhá uair an chloig agus 47 nóiméad ar an meán ag breathnú ar an teilifís sa bhliain 2021[4].

I ndomhan mór seo an spóirt, tá an bealach a fhaigheann lucht leanta díograiseach agus ócáideach spóirt ar gach aois a gcuid nuachta, gearrthóg agus anailíse ag athrú go mór. Tá lucht féachana na teilifíse ag athrú agus de bharr chumhacht na meán sóisialta bíonn daoine fós ag breathnú ar níos mó ná scáileán amháin agus iad ag breathnú ar spórt beo. Mar shampla, bíonn 42% ag breathnú ar na meáin shóisialta agus iad ag breathnú ar spórt ar an teilifís.

1 Digital Ireland 2021, Hootsuite, Feabhra 2021
2 IPSOS Social Networking Tracker, Eanáir 2022
3 IPSOS MRBI Games Changers; Raidio and the Irish Audio Market. JNLR -Lúnasa 2021
4 TAM Ireland Ltd / Nielsen TAM: An 50 Clár Teilifíse is mó Lucht Féachana 2021, Eanáir 2022
5 Teneo Sports agus Sponsorship Index 2021

TÍRDHREACH DIGITEACH NA HÉIREANN

Mar atá foinsí nuachta mhuintir na hÉireann ag athrú i dtreo foinsí digiteacha.

Sa bhliain 2021, bhí foinsí ar líne agus meán sóisialta mar phríomhfhoinsí nuachta ag 50% de dhaoine fásta. Bhí an teilfís sa dara háit ar 35%, an raidió ansin ar 9% agus na meáin chlóite ina dhiaidh sin ar 3%[6].

Bhain 81% de dhaoine fásta úsáid as meáin shóisialta agus ar líne sa bhliain 2020 mar fhoinse nuachta. Bhí an teilifís sa dara háit ar 68% agus bhí na meáin chlóite sa tríú háit ar 28%[7]. Ta níos mó agus níos mó de na meáin chumarsáide traidisiúnta ag foilsiú ábhair ar líne trí na meáin shóisialta.

Tá muintir na hÉireann i measc na ndreamanna is mó a bhaineann úsáid as gairis mhóibíleacha le haghaidh a gcuid nuachta (71%). Tá siad chun tosaigh ar mheán mhuintir an Aontais Eorpaigh (61%) agus Stáit Aontaithe Mheiriceá/ Cheanada (60%). Íocann 16% de dhaoine fásta as nuacht ar líne[7].

Ag breathnú siar go 2019, feicfidh muid an fás mór atá tagtha ar chúrsaí sruthaithe le trí bliana go leith anuas. Tá fás 44%[8] tar éis teacht ar chúrsaí fís-sruthaithe ar éileamh i gcomparáid leis an gcéad leath de 2019.

Tháinig méadú suntasach ar an úsáid a bhaintear as físeán agus as seirbhísí sruthaithe sa bhliain 2020. Dúirt 66% de dhaoine fásta gur bhain siad úsáid as seirbhís sruthaithe ó mhí an Mhárta 2020 i leith. Úsáideann 37% de dhaoine fásta seirbhísí sruthaithe digiteacha le coinneáil suas chun dáta le nuacht agus le cúrsaí reatha[8].

Tá fás tagtha ar líon na ndaoine a bhíonn ag éisteacht le podchraoltaí le bliain anuas, ardú 1% go dtí 41%. Daoine faoi 45 is mó a bhíonn ag éisteacht le podchraoltaí, daoine idir 18-24 bliain d'aois go háirithe. Dúirt 69% den aoisghrúpa sin gur éist siad le podchraoladh le seachtain anuas. D'éist 11% de dhaoine fásta le podchraoladh spóirt sa bhliain 2020[7].

6 Digital News Report Ireland, 2020
7 Reuters' Annual Digital News Report (eagrán na hÉireann 2020)
8 Irish Media Consumption Report H1 2022 - Core

ÉILIMH AR FHEIDHMEANNA CUMARSÁIDE

- Tá na héilimh a bhíonn ar na feidhmeanna a bhaineann le cúrsaí cumarsáide ag athrú. Tá i bhfad níos mó i gceist leis na feidhmeanna ná a bheith mar pháirtnéir straitéiseach de chuid eagraíochta. Is gá go mbeadh i bhfad níos mó i gceist léi ná feidhmiú mar oifig meán cumarsáide. I gcomhthéacs CLG ní mór don Rannóg Cumarsáide a bheith ag tús cadhnaíochta agus ag tacú le cúrsaí cumarsáide sa Chumann ar fad. Ag an am céanna, ní mór a aithint go bhfuil an iliomad gníomhaíochtaí cumarsáide faoi stiúir daoine atá ag feidhmiú go deonach ag gach leibhéal de chuid an Chumainn.

- Ní mór feidhmeanna cumarsáide eagraíochtaí, a bhfuil daoine atá ag feidhmiú go deonach ar thús cadhnaíochta iontu, a bheith bainteach le cúrsaí cumarsáide inmheánacha, le hullmhúcháin cruachásanna agus maolú rioscaí, le cúrsaí rialtais, le cruthú ábhar, le Freagracht Shóisialta Chorparáideach agus le go leor eile. Ní mór é seo uilig a dhéanamh trí go leor bealaí éagsúla agus níos mó agus níos mó béime ar chúrsaí digiteacha de réir a chéile.

ÁBHAR CRAOLACHÁIN

- Tá eagraíochtaí spóirt ag baint leasa as ardáin nua theicneolaíochta le teagmháil dhíreach a dhéanamh le lucht leanta agus níltear ag brath chomh mór céanna ar na meáin thraidisiúnta. Tugann sé seo deis ďeagraíochtaí spóirt labhairt go díreach leis an lucht leanta agus ábhar a chur ar fáil dóibh siúd atá á iarraidh. Ar an mbarr sin, tá smacht ar an teachtaireacht a chuirtear amach agus is féidir leanúnachas a chinntiú.

- Tá tóir shuntasach ar ábhar agus tá dul chun cinn mór déanta ag CLG agus é ar thús cadhnaíochta maidir le hábhar a chruthú le blianta beaga anuas. Gnáthrud a bheidh ann, de réir a chéile, don Chumann ábhar dá chuid féin a chruthú. Dúshlán a bheidh ann ábhar a chruthú a bhfuil creidiúnacht agus ionracas eagarthóireachta ag baint leis. Ní mór é seo a bhainistiú go cothrom.

DEA-CHÁIL A BHAINISTIÚ

- Tá CLG ar an eagraíocht spóirt agus cultúir is mó in Éirinn. Tá dea-cháil air mar eagraíocht i measc mhuintir na hÉireann ar fud an domhain. Cé go bhfuil íomhá dhearfach le brath ag gach leibhéal de chuid an Chumainn i bpobail ar fud na hÉireann agus ar fud an domhain, de bharr a chuid cluichí agus a chuid gníomhaíochtaí, bíonn roinnt deacrachtaí ann ó am go chéile a mheallann drochphoiblíocht agus a dteastaíonn freagraí éifeachtacha agus tapa uathu. Scaiptear tráchtaireacht dhiúltach i bhfad níos tapúla ar na meáin shóisialta nua-aimseartha atá againn i ndomhan mór seo na cumarsáide.

- De bharr a ghaiste a scaiptear eolas sa lá atá inniu ann is féidir cruachás a dhéanamh de dheacracht go han-ghasta. Is féidir damáiste suntasach a dhéanamh de dhea-cháil muna ndéileáiltear le deacrachtaí ar bhealach ceart agus d'fhéadfadh a leithéid baint ón obair mhór atá ar bun in áiteanna eile. Mar sin, tá sé ríthábhachtach go bhfuil CLG réitithe le cumarsáid a dhéanamh go héifeachtach maidir le mórcheisteanna a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar dhea-cháil agus ar íomhá an Chumainn.

- Nuair a théitear i mbun cumarsáide go héifeachtach, go háirithe maidir le mórcheisteanna tábhachtacha agus suntasacha, bíonn deis ann cur le dea-cháil trí na mórcheisteanna sin a láimhseáil ar bhealach réamhghníomhach agus macánta.

NÍOS MÓ ROCHTANA AGUS FORMÁIDÍ NUA

- Tá níos mó agus níos mó ábhar agus taobhanna difriúla de scéalta ó lucht leanta spóirt. Tá siad ag iarraidh a bheith ar an eolas maidir leis an méid atá ag titim amach sa chúlra agus tá ag éirí le spóirt dhomhanda freastal ar an éileamh seo. Tá nuálaíocht shuntasach le feiceáil le deich mbliana anuas maidir leis an gcaoi a gcruthaítear agus a mbreathnaítear ar ábhair spóirt.

- Cé nach bhfuil sé cothrom comparáid a dhéanamh le spóirt phroifisiúnta, tá CLG ag feidhmiú i dtimpeallacht iomaíoch agus tá fáil ag lucht leanta spóirt in Éirinn ar spórt ó gach cearn den domhan. Tá spórt ar fáil ar go leor formáidí éagsúla agus cuirtear i láthair ar bhealaí nuálaíocha agus úra é. Samplaí de seo ná ceamairí taobh istigh de sheomraí feistis agus agallaimh le linn cluichí ar an taobhlíne, ceamairí sna tolláin, ceamairí réiteoirí agus ábhar raidió don lucht leanta.

TÁ DUL CHUN CINN SUNTASACH DÉANTA AG CLG AGUS TÁ SÉ AR THÚS CADHNAÍOCHTA MAIDIR LE HÁBHAR A CHUR AR FÁIL

TÁ RANNPHÁIRTÍOCHT AG ARDÚ I GCLUICHÍ BAN CHOMH MAITH LEIS AN TSUIM AGUS AN DÚIL LE HAGHAIDH AMBASADÓIRÍ SPÓIRT BAINEANNA. TÁ AN DÚIL AGUS AN TSUIM CHÉANNA ANN D'ÁBHAR SPÓIRT BAN.

MNÁ I SPÓRT

- Tá i bhfad níos mó i gceist leis an bhfás ar an gclúdach, ar rannpháirtíocht agus, dar ndóigh, ar an airgead a dhéantar ar chúrsaí urraíochta agus tráchtála i spórt na mban ná nós. Gluaiseacht atá ann.
- Bíonn urraitheoirí, lucht corparáideach agus iad siúd a bhfuil suim acu i gcúrsaí spóirt i measc an mhórphobail ag súil go gcaitear le spórt na mban ar an gcaoi chéanna le spórt na bhfear. Tá dualgas ar na meáin a dhéanamh amhlaidh. Tá fás ag teacht ar an líon ban a ghlacann páirt i spórt na mban, chomh maith leis an tsuim agus an dúil atá acu in ambasadóirí baineanna spóirt agus in ábhar spóirt ban a bheith acu.
- Tá plé ag gabháil ar aghaidh idir CLG, Cumann Peile na mBan agus An Cumann Camógaíochta faoi láthair maidir leis na bealaí ina bhféadfadh leis na cumainn oibriú as lámha a chéile. Ba chóir go mbeadh 'níos mó comhoibrithe i réimse na cumarsáide' mar chuid de na hiarrachtaí sin atá ar bun le gníomhaíochtaí na dtrí chumann a thabhairt níos gaire dá chéile.

TÓIR AR CHÚIS AGUS AR LUACHANNA

- Bíonn bunluachanna eagraíochtaí le feiceáil ag croílár a gcuid ardán cumarsáide níos minicí ná riamh agus bíonn an mórphobal ag breathnú níos géire ar eagraíochtaí ná mar a bhí riamh. Bíonn siad ag súil go n-iompródh eagraíochtaí a bhíonn ag cur a gcuid bunluachanna chun cinn iad féin ar bhealach ar leith. I measc bhunluachanna CLG tá Féiniúlacht Pobail, Stádas Amaitéarach, Ionchuimsitheacht, Meas, Leas Imreoirí, Obair Foirne agus Daoine ag Obair go Deonach. Tá na rudaí sin ábhartha do gach gné de chuid shochaí na hÉireann agus inimircigh a thagann go hÉirinn ina measc. Tugann siad deis dúinn, i ndomhan atá éiginnte agus éagsúil, gníomhaíochtaí agus rannpháirtíocht spóirt, cultúir agus pobail a chur ar fáil ar feadh an tsaoil.

SPÓRT AR NA LEATHANAIGH THOSAIGH

- Tá nuacht spóirt á bhogadh ó na leathanaigh chúil go dtí na leathanaigh thosaigh de réir a chéile. Tá níos mó anailíse agus béime criticiúla ann ó na meáin agus tá tuilleadh freagrachta á héileamh. Ní bhreathnaítear ar spórt mar 'rud eisceachtúil agus difriúil' maidir le cúrsaí rialachais agus caighdeáin a thuilleadh. Tá eagraíochtaí spóirt oscailte le haghaidh dianscrúdaithe de bharr go bhfuil airgead suntasach tráchtála agus craolacháin á chur isteach i spórt chomh maith le maoiniú stáit. Tá an dianscrúdú seo á dhéanamh ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta. Má tá dea-rialachas i bhfeidhm agus má tá muid in ann sin a léiriú ag gach leibhéal, cosnóidh agus cuirfidh sé sin le dea-cháil CLG.

TORTHAÍ TAIGHDE

Rinneadh taighde i measc go leor páirtithe leasmhara agus an straitéis seo á forbairt (Féach Aguisín).

Bhí an dea-thoil do CLG agus an tuiscint ar nádúr amáitéarach agus pobail an Chumainn le feiceáil go soiléir le linn an phróisis seo. Fianaise a bhí sa líon ard plé ó gach páirtí leasmhar go raibh bród agus meas mór ann do CLG chomh maith le mothú úinéireachta. Bhí na páirtithe leasmhara sin bainteach le heagraíochtaí spórtúla agus neamhspórtúla araon. Cé go raibh go leor den aiseolas a fuarthas ón bpróiseas dirithe ar na dúshláin atá amach roimhe CLG, tugadh an t-aiseolas sin d'fhonn cabhrú le heagraíocht a chuireann go mór le saol spóirt agus cultúrtha na tíre ar bhealach thar a bheith luachmhar, a fheabhsú tuilleadh. Rangaíodh na tuairimí ó na hagallaimh agus ó na suirbhéanna cuimsitheacha a rinneadh sna ceithre réimse seo a leanas:

- Ceangal níos fearr le Baill agus le Mórphobal CLG a chruthú
- A bheith níos soiléire maidir le cé tá ag insint Scéal CLG
- Cumarsáid Níos Straitéisí agus Níos Réamhghníomhaí a dhéanamh
- An plé a dhéantar leis na meáin a nua-aoisiú

RÓL THAR A BHEITH LUACHMHAR I SAOL SPÓIRT AGUS CULTÚIR NA TÍRE

CEANGAL NÍOS FEARR A CHRUTHÚ LE BAILL AGUS LE MÓRPHOBAL CLG

Rud a tháinig chun cinn san aiseolas ó gach páirtí leasmhar inmheánach agus seachtrach ná go bhfuil dúshlán suntasach, atá ag méadú, roimhe CLG maidir le ceangal níos fearr a chruthú le leibhéil éagsúla an Chumainn. Rinneadh tagairt de seo ag gach leibhéal de chuid an Chumainn – clubanna, idir clubanna agus contaetha, idir imreoirí agus oifigigh, baill agus lucht leanta agus ag leibhéal na hArd-Chomhairle, nó, 'Páirc an Chrócaigh' mar a thugtar uirthi go minic.

Tuairim atá sa dúshlán seo seachas an fhírinne dar le roinnt páirtithe leasmhara. Tugtar struchtúir dhaonlathacha agus dheonacha an Chumainn mar fhianaise go bhfuil gach cinneadh a dhéantar bunaithe ar ionchar ó bhallraíocht CLG. Mar sin féin, aithníonn na páirtithe leasmhara go bhfuil an 'tuairim' ag fás agus go bhféadfadh sé damáiste a dhéanamh de CLG.

I measc na gceisteanna is mó a ardaíodh agus deiseanna le cumarsáid a fheabhsú ag gach leibhéal á bplé, bhí 'míniú níos cuimsithí a thabhairt ar an bhfáth a ndéantar cinntí áirithe', na tosaíochtaí maidir le 'club in aghaidh contae' agus an chothromaíocht idir tosaíochtaí tráchtála agus nádúr deonach chomh maith le stádas amaitéarach an Chumainn.

Tá sé seo ag teacht le treochtaí níos leithne sochaí ina bhfuil gach institiúid agus daoine áirithe, a bhfuil údarás acu, á gceistiú níos minicí agus ina bhfuil níos lú muiníne ag daoine astu. Ní bhíonn an mórphobal agus baill eagraíochtaí sásta 'sochar an amhrais' a thabhairt dóibh siúd a dhéanann cinntí níos mó.

CUMARSÁID NÍOS STRAITÉISÍ AGUS NÍOS RÉAMHGHNÍOMHAÍ

Agus cultúr cumarsáide CLG á phlé, dúirt na príomhghrúpaí páirtithe leasmhara go raibh sé ríthábhachtach go bhféidhmeodh an eagraíocht ar bhealach a chinnteodh nach raibh a chur chuige cumarsáideach 'cosantach' ná 'frithghníomhach'.

Rud eile a tháinig aníos san aiseolas ó na páirtithe leasmhara ná, in ainneoin gur deis chomh maith le dúshlán a bhí san éagsúlacht glórtha atá i CLG, is gá a bheith soiléir maidir le cé a labhraíonn thar ceann an Chumainn ag amanna ríthábhachtacha, mar shampla, le linn conspóidí.

In aiseolas a fuarthas ó dhaoine proifisiúnta sna meáin ach go háirithe, leagadh béim ar an tábhacht a bhain le cumarsáid éifeachtach a bheith mar phríomhthosaíocht, le linn próiseas cinnteoireachta a mbíonn suim ag an mballraíocht agus ag an mórphobal i gcoitine iontu.

BREATHNAÍTEAR AR AN ÉAGSÚLACHT GLÓRTHA ATÁ TAOBH ISTIGH DE CHUMANN LÚTHCHLEAS GAEL MAR DHEIS AGUS MAR DHÚSHLÁN DON CHUMANN.

A BHEITH NÍOS SOILÉIRE MAIDIR LE CÉ TÁ AG INSINT SCÉAL CLG

Ní mór don bhealach a dhéantar cumarsáid ar an iliomad dea-scéalta nuachta a eascraíonn as an gCumann a bheith mar thosaíocht ag Cumann Lúthchleas Gael.

Tá go leor páirtithe leasmhara den tuairim go bhfuil an-jab déanta ag CLG féiniúlacht 'CLG' a chruthú agus a choinneáil, rud a ghineann dílseacht agus lucht leanta suntasach. Mar sin féin, táthar ann i measc na bpáirithe leasmhara atá den tuairim go bhfuil CLG ag brath an iomarca ar a chuid páirtnéirí craolacháin agus ar a chuid urraitheoirí le scéalta dearfacha an Chumainn a insint ar bhealach réamhghníomhach. Creidtear é seo ach go háirithe maidir leis an ról atá aige sa phobal agus rannpháirtíocht daoine óga sa Chumann.

Mar a luadh cheana, breathnaítear ar an éagsúlacht glórtha i measc bhaill Chumann Lúthchleas Gael mar dheis agus mar dhúshlán don Chumann. Nuair a bhaineann sé le CLG ag insint a scéil féin is léir gur acmhainn an-tábhachtach é agus ceann a chabhróidh leis an gcéad ghlúin eile.

Breathnaítear ar shuíomh idirlín CLG mar uirlis cumarsáide le scéal CLG a chur chun cinn. Is foinse tábhachtach eolais é chomh maith le bheith ina phointe tagartha do go leor oifigeach de chuid CLG, baill agus lucht leanta. Ceann de na rudaí a tháinig ar ais ó go leor de na grúpaí páirtithe leasmhara, ná, cé go bhfuil formhór na rudaí atá ag teastáil le fáil ar GAA.ie, gur ghá a chinntiú in aon obair uasghrádaithe nó athfhorbartha a dhéantar ar an suíomh amach anseo, go bhfuil sé chomh héasca agus is féidir an suíomh a úsáid.

Tá na meáin dhigiteacha chomh lárnach sin do gach cumarsáid a dhéantar nach bhfuil aon idirdhealú déanta sa straitéis seo idir na meáin sin agus meáin eile chumarsáide.

Tá siad ag croílár na cumarsáide agus, mar is cóir, breathnaíonn go leor daoine a bhaineann úsáid as meáin chumarsaíde CLG orthu mar ghnáthrud. Is é an t-aon mheán cumarsáide é do dhaoine áirithe le nuacht a fháil agus le bheith idirghníomhach leis an gCumann.

Dá bharr sin, moltar plean digiteach ar leith a fhorbairt le tabhairt faoin obair seo. Tógfar na céimeanna seo a leanas:

- Athbhreithniú iomlán ar ghníomhaíochtaí CLG sa réimse seo;
- Easnaimh, luchtanna agus deiseanna sa réimse seo a aithint agus a bheith ar comhchéim leis na heagraíochtaí is fearr taobh istigh den earnáil spóirt agus taobh amuigh de, ina leith seo;
- Tabhairt faoin éagsúlacht bealaí agus faoin straitéis atá againn maidir le hábhar a chur ar fáil do bhealaí CLG agus do bhealaí tríú páirtí;
- Anailís a dhéanamh ar na nósanna agus ar na roghanna atá ag daoine maidir le nuacht a fháil chun an straitéis bealaí agus ábhair a mhúnlú le tabhairt faoi na héilimh a bhaineann leis an ré dhigiteach;
- Na hacmhainní reatha a thomhas in aghaidh na n-éileamh a bheidh orthu siúd atá freagrach as na hardáin dhigiteacha amach anseo.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar GAA.ie chomh maith le suíomhanna idirlín clubanna agus conteatha, agus plean a chur le chéile maidir le forbairt suíomhanna idirlín amach anseo ina dtabharfar fás leanúnach ábhar físeáin san áireamh.

Déanfar é seo le linn 2023.

RANNPHÁIRTÍOCHT SNA MEÁIN A NUA-AOISIÚ

Is cainéil fhíorthábhachtacha iad na meáin uilig leis na cluichí Gaelacha agus CLG a chur chun cinn. Tá siad fíorthábhachtach, freisin, le ceangal a dhéanamh le baill agus le lucht leanta an Chumainn.

Tá tírdhreach na meán athraithe ó bhonn le blianta beaga anuas leis na meáin nua agus leis an gcaoi a gclúdaíonn iriseoirí na cluichí gan trácht ar na spriocanna níos giorra a bhíonn acu. Níl an chosúlacht ar an scéal go dtiocfaidh moilliú ar an scéal seo.

De réir a chéile, tá cúrsaí ag éirí níos dúshlánaí agus níos dúshlánaí do gach eagraíocht, go háirithe dteagraíochtaí a bhfuil líon suntasach daoine ag feidhmiú go deonach iontu agus a bhíonn ag déileáil leis na meáin ar bhonn rialta. Mar sin féin, tá sé ríthábhachtach don Chumann ag gach leibhéal go ndéileáiltear leis na meáin ar bhealach proifisiúnta agus éifeachtach. Leis sin a dhéanamh, teastaíonn gealltanais leanúnacha go gcuirfear an traenáil chuí ar fáil le coinneáil suas chun dáta le treochtaí agus le forbairtí sna meáin. Teastaíonn an infheistíocht chuí leis sin a chur i gcrích, freisin.

Luaigh go leor an ról cinniúnach atá ag na hOifigigh Chaidrimh Phoiblí ag leibhéal an chlub agus ag leibhéal an chontae agus na héilimh a bhíonn ar a gcuid ama – éilimh iad seo atá ag gabháil i méid. Luadh, freisin, nach raibh an ról agus na dualgais atá orthu i gcónaí soiléir. Tá an chuma ar an scéal go bhfuil ról na nOifigeach Caidrimh Phoiblí ag leibhéal an chontae ag brath go mór ar an gcaoi a ndéantar bainistiú ar na socruithe meán atá ag foireann an chontae. Cruthaíonn na rudaí seo go léir cur chuige nach bhfuil leanúnach maidir leis na meáin, ag leibhéal an chontae. Feictear do go leor go bhfuil dreamanna áirithe ar fáil níos minicí agus níos fearr i mbun cumarsáide ná a chéile.

Táthar den tuairim go bhfuil cúrsaí cumarsáide agus meán i gCumann Lúthchleas Gael go lárnach proifisiúnta agus tarraingteach ach, de bharr an mhéadaithe ar éilimh agus ar ábhair go mbeidh gá le tuilleadh acmhainní.

Glactar leis go mbíonn gné áirithe de 'mhúchadh tinte' ag baint le feidhm na cumarsáide, ach, nuair a bhíonn áit lárnach ag feidhm sin na cumarsáide sna fóraim éagsúla a bhaineann le cúrsaí cinnteoireachta, is féidir deacrachtaí éagsúla nach bhfuil aon ghá leo a sheachaint.

Teachtaireacht leanúnach a tháinig ó na páirtithe leasmhara sna meáin ná go lagaíonn an líon teoranta ama a bhíonn imreoirí agus bainisteoirí ar fáil do na meáin cumas CLG a scéal a insint. Leis an éileamh ar scéalta agus ar nuacht ag gabháil i méid, bíonn brú síoraí ar na meáin bearnaí a líonadh. Nuair nach bhfuil fáil cheart ar ár gcuid imreoirí amaitéaracha agus ar ár gcuid bainisteoirí ní bhíonn an clúdach dírithe go hiomlán ar na cluichí. Sampla eile ná fógairtí foirne, rud nach mbíonn clúdaithe ag go leor de na meáin a thuilleadh de bharr nach féidir brath orthu a bheith cruinn. Cuireann a leithéid sin isteach go mór ar lóistíochtaí craolacháin, chomh maith.

LEIS AN MÉADÚ ATÁ TAGTHA AR AN ÉILEAMH AR SCÉALTA AGUS AR NUACHT, TÁ BRÚ LEANÚNACH AR NA MEÁIN BEARNAÍ A LÍONADH



AIDHMEANNA STRAITÉISEACHA CUMARSÁIDE

AN CEANGAL IDIR CLG, A BHAILL AGUS AN MÓRPHOBAL A BHÍONN AG LEANÚINT CHÚRSAÍ CLG A DHAINGNIÚ

Tá sé soiléir ón bplé a rinneadh leis na páirtithe leasmhara don tuairisc seo go bhfuil an baol ann go bhfuil coimhthíos le brath idir bhaill CLG, a chuid aonad agus Cheanncheathrú CLG.

Rud eile a sheasann amach sa taighde ná an bród agus an úinéireacht a mhothaíonn gach duine i CLG don Chumann. Tá suim ag an oiread sin daoine sna cluichí agus sna cinntí a dhéanann CLG agus is maith leo a bheith ag díospóireacht agus ag plé na gcinntí a dhéantar. Bua mór is ea an éagsúlacht tuairimí agus an fonn a bhíonn ar dhaoine glór a thabhairt do na tuairimí sin do CLG, ach, cruthaíonn sé dúshláin mhóra don Chumann freisin.

Tá an lá thart go nglacann muintir na hÉireann, agus baill agus lucht leanta de chuid CLG, sa chás seo, le cinntí a dhéantar ón mbarr anuas gan iad a cheistiú. Tá daoine ag iarraidh go mbeadh tuiscint níos fearr acu ar an gcúis a ndéantar cinntí áirithe.

Is páirithe leasmhara fíorthábhachtacha iad ár gcuid ball óg. Bíonn na baill seo ag súil lena gcuid nuachta agus scéalta a fháil ón gCumann ar na meáin shóisialta agus ar ardáin eile chumarsáide ar líne a bhfuil ról lárnach acu ina saolta.

PRÍOMHTHOSAÍOCHTAÍ

- Déanfaidh muid cumarsáid ar bhealach níos dírí lenár mbaill agus lenár lucht leanta. Ní bheidh muid ag brath chomh mór céanna ar na struchtúir thraidisiúnta chéimlathacha trí na cúigí, na conteatha, na clubanna agus trína gcuid oifigeach, dream atá fíorghnóthach mar atá.
- Coinneoidh muid orainn ag tabhairt ardáin don éagsúlacht glórtha sa Chumann. Breathnaíonn muid ar an éagsúlacht sin, chomh maith le cultúr daonlathach CLG, mar chroíbhuanna de chuid an Chumainn, áit a bhfuil baill ag iarraidh ról oscailte a imirt sna cinntí a thógtar ann.
- Tá próisis shoiléire againn maidir le cúrsaí rialachais agus leis an gcaoi a ndéantar cinntí ach míneoidh muid níos fearr an chaoi agus an fáth a ndéantar iad. Má tá níos mó trédhearcachta agus comhthéacs ann maidir leis an bhfáth agus leis an gcaoi a ndéantar cinntí, beidh níos mó muiníne agus tuisceana ann ó thaobh na gcinntí.
- Tabharfaidh muid faoi chlár leanúnach agus cuimsitheach plé lenár gcuid ball.
- Cabhróidh Foireann, córas nua bainistíochta na gcluichí de chuid CLG, leis an aidhm seo a chur i gcrích.

TÁ AN OIREAD SUIME AG DAOINE SNA CLUICHÍ AGUS SNA CINNTÍ A THÓGTAR I CLG GO BHFUIL SIAD AG IARRAIDH A BHEITH PÁIRTEACH SA DÍOSPÓIREACHT

PRÍOMHGHNÍOMHARTHA		PRÍOMHTHORTHAÍ
1.1	Clár plé club leanúnach agus gníomhach a chur ar bun le tacaíocht ón Rannóg Cumarsáide. Tá sé i gceist againn na nithe seo a leanas a dhéanamh: • Sraith cruinnithe réigiúnda a eagrú le baill ina bhfuil clár cuí cumarsáide ann dóibh. • Tuairisc aiseolais bhliantúil a chur le chéile ina bhfuil béim ar Phlean Gnímh maidir le cúrsaí plé le gréasán iomlán CLG. • Níos mó deiseanna a chur ar fáil d'aighneachtaí maidir le pleananna agus tograí móra de chuid CLG.	• Cumarsáid níos fearr agus níos dírí le baill chlub agus páirt níos mó acu sa phlé a dhéantar ar phríomhthosaíochtaí an Chumainn. • Níos mó tuisceana agus tacaíochta ó bhaill.
1.2	Leanúint leis na hathbhreithnithe ar na struchtúir chumarsáide taobh istigh de CLG le déanamh cinnte go bhfuil na modhanna cumarsáide is fearr sa lá atá inniu ann againn le cumarsáid a dhéanamh taobh istigh de Chumann ina bhfuil daoine ag feidhmiú go deonach.	• Na struchtúir a chur in oiriúint do na riachtanais chumarsáide atá ann • Ailíniú níos fearr maidir le cúrsaí cumarsáide ag gach leibhéal de chuid an Chumainn.
1.3	Sainmhíniú as an nua a dhéanamh ar ról, ar dhualgais agus ar theideal na nOifigeach Caidrimh Phoiblí. Ba chóir go mbeadh an teideal 'Oifigeach Cumarsáide' ar an ról seo agus ba chóir go mbeadh an t-oifigeach seo ag obair taobh le hoifigeach eile i ról nuacheaptha, 'An tOifigeach Cumarsáide Digitil', mar chuid d'fhoireann nó de choiste cumarsáide níos leithne i gcontaetha agus i gclubanna.	• An ról a bheith níos oiriúnaí do riachtanais chumarsáide an lae inniu. • Sainmhíniú soiléir ar na riachtanais maidir le tacaíocht dhigiteach. • Athruithe ar ról traidisiúnta na nOifigeach Caidrimh Phoiblí le riachtanais an lae inniu a thabhairt san áireamh.
1.4	Cúrsaí nua traenála a chur ar fáil do gach Oifigeach Caidrimh Phoiblí ag leibhéal an chontae agus díriú orthu siúd atá nuathofa ach go háirithe.	• Cumarsáid níos éifeachtaí ó na contaetha • Cúrsa nuálach foghlama agus forbartha le forbairt agus le tabhairt d'oifigigh chumarsáide.
1.5	Acmhainní a chur ar fáil do lucht na Cumarsáide i CLG d'fhonn tacú le hOifigigh Chaidrimh Phoiblí ar bhealach struchtúrtha chomh maith le huirlisí cuimsitheacha agus oiriúnacha a chur ar fáil dóibh le go bhféadfaidís a gcuid dualgas a chomhlíonadh.	• Traenáil agus tacaíocht níos fearr a chur ar fáil d'Oifigigh Chumarsáide ag leibhéal an chontae. • Níos mó leanúnachais i gcúrsaí cumarsáide. • Go mbeadh níos mó sásaimh le baint ag na hOifigigh Chumarsáide as a gcuid rólanna de bharr acmhainní agus tacaíocht thiomanta ó Pháirc an Chrócaigh a bheith ar fáil.

PRÍOMHGHNÍOMHARTHA		PRÍOMHTHORTHAÍ
1.6	Úsáid a bhaint as an gceangal speisialta idir CLG agus an Ghaeilge mar bhuntáiste atá againn mar eagraíocht. Tá tús curtha leis an obair seo agus ba chóir leanacht ar aghaidh léi trí obair Oifigeach na Gaeilge go háirithe.	• Níos mó aitheantais don cheangal idir CLG agus an Ghaeilge. Áit lárnach ag an nGaeilge i gcumarsáid an Chumainn.
1.7	Plean Cumarsáide a fhorbairt le baill níos óige i gcomhar leis an gCoiste Óige.	• Plé níos fearr le baill níos óige agus leas a bhaint as a gcuid modhanna agus uirlisí cumarsáide. • Plean gnímh a chur le chéile agus a chur i bhfeidhm le líon agus le caighdeán na cumarsáide le baill óga a fheabhsú.
1.8	Tús a chur le clár 'Úsáid do Ghlór' do bhaill CLG (ina n-áirítear suirbhé bliantúil ar bhaill) ag baint úsáide as cúrsaí teicneolaíochta chun cumarsáid dhéthreo a chur ar fáil do bhaill an Chumainn.	• Cumarsáid níos fearr a dhéanamh le baill CLG. • Bailiú agus anailís a dhéanamh go bliantúil ar léargais maidir le tuairimí ginearálta bhaill CLG d'fhonn cabhrú le polasaí a cheapadh.
1.9	An Feachtas Reatha Margaíochta, a leagann béim ar laochra club i CLG, a imeascadh le gníomhaíochtaí agus ábhair uile lucht cumarsáide CLG.	• Cur chuige níos seasmhaí maidir le cúrsaí cumarsáide. • Príomhtheachtaireacht(aí) margaíochta CLG a bheith greannta i gcúrsaí cumarsáide (nuair is cuí) agus ailíniú soiléir idir ghníomhaíochtaí margaíochta agus cumarsáide.
1.10	Lucht deonach CLG agus struchtúr na gclubanna a chur chun cinn go mór mar chuid lárnach den straitéis chumarsáide agus a chur trasna ardáin uile chumarsáide CLG.	• Níos mó béime ar thábhacht na ndaoine a bhíonn ag feidhmiú go deonach sa Chumann i ngach rud a dhéanann muid. • Feasacht níos fearr a chruthú agus níos mó aitheantais a thabhairt don luach a bhaineann leis na daoine a bhíonn ag feidhmiú go deonach iontu agus don luach a bhaineann leis na Clubanna.
1.11	Clár aitheantais trédhearach agus ardphróifile a chur ar bun do bhaill de chuid an Chumainn a sheasann amach. Déanfaidh sé seo cinnte go bhfuil deis ag baill de chuid an Chumainn baill eile a ainmniú. D'fhéadfadh go mbeadh baint ag a leithéid seo le 'Gradaim an Uachtaráin' a athchóiriú agus tuilleadh poiblíochta a dhéanamh air.	• Cumarsáid níos fearr a dhéanamh ar chláir aitheantais agus gradam an Chumainn. • Aitheantas níos leithne a thabhairt do CLG agus do bhaill a bhfuil sáréachtaí déanta acu ar a shon.

IS ACMHAINN SHÁRLUACHMHAR Í AN DEA-CHÁIL AGUS AN DEARCADH DEARFACH ATÁ AG DAOINE I LEITH AN CHUMAINN DON CHUMANN

LEANÚINT AR AGHAIDH AG CUR CHUN CINN DHEA-CHÁIL CLG AGUS É A DHÉANAMH AR BHEALACH NÍOS FEARR

Tá dea-cháil fhadbhunaithe CLG bunaithe ar an méid atá déanta ag an gCumann do shaol spóirt agus cultúrtha na hÉireann agus níos faide i gcéin. Is acmhainn shárluachmhar é an dea-thoil agus an dearcadh dearfach ina leith don Chumann. Is mian le tuismitheoirí go mbeadh a gcuid páistí ag imirt na gcluichí Gaelacha. Bíonn daoine ag iarraidh a gcuid ama a thabhairt in aisce le cabhrú ag gach leibhéal. Tá urraitheoirí ag iarraidh a bheith bainteach leis an gCumann.

Sa chomhthéacs seo, ní mór don Chumann dul i ngleic le cúrsaí cumarsáide ar bhonn réamhghníomhach agus oscailte, rud a chabhródh go mór le cur chun cinn chluichí agus ghníomhaíochtaí CLG i measc an iliomad páirtithe leasmhara difriúla atá aige.

Tá na héilimh chumarsáide a bhaineann le gach aonad de chuid CLG mór millteach agus drochsheans go laghdóidh siad.

Tá i bhfad níos mó béime cáintí ar gach uile ghné oibríochta de chuid eagraíochtaí atá i mbéal an phobail agus na próisis a bhaineann le cúrsaí rialachais agus cinntí a dhéanamh go háirithe. Cé gurbh fhearr do CLG go mbeadh aird an phobail ar a chuid cluichí agus ar a chuid gníomhaíochtaí cultúrtha amháin, ní mór a thuiscint go mothaíonn baill an Chumainn agus an pobal i gcoitinne go bhfuil úinéireacht acu ar gach gné de chuid ghníomhaíochtaí CLG, ar an bpáirc imeartha agus amuigh ón bpáirc imeartha. Tógann sé am agus acmhainní le bainistíocht a dhéanamh ar na rudaí seo agus muna dtugtar faoina leithéid i gceart is féidir dochar a dhéanamh de dhea-cháil CLG.

PRÍOMHTHOSAÍOCHTAÍ

- Cuirfidh muid cultúr cumarsáide níos réamhghníomhaí i bhfeidhm ina bhfuil straitéis shoiléir maidir le dea-cháil CLG a bhainistiú ag gach leibhéal.
- Coinneoidh muid an dea-cháil atá orainn ag croílár aon phróisis maidir le cinntí a dhéanamh d'fhonn acmhainn shárluachmhar seo na dea-cháile a chosaint. Ag an am céanna, ní bheidh drogall orainn cinntí straitéiseacha níos fadtéarmaí a thógáil, a d'fhéadfadh droch-cháil a tharraingt orainn sa ghearrthéarma.
- Coinneoidh sealbhóirí oifige agus foireann ag gach leibhéal de chuid CLG orthu ag feidhmiú mar chaomhnóirí, mar oideachasóirí agus mar lucht tacaíochta de chuid dhea-cháil shárluachmhar an Chumainn.

PRÍOMHGHNÍOMHARTHA		PRÍOMHTHORTHAÍ
2.1	Creatlach cuimsitheach cumarsáide a chur le chéile don Chumann a mhairfidh níos mó ná bliain amháin. Beidh uirlisí measúnaithe riosca, próiseas maidir le hábhair chonspóide agus nósanna imeachta le haghaidh freagairt cruachásanna mar chuid de, le cabhrú le damáiste a sheachtaint ar dhea-cháil.	Creatlach cuimsitheach cumarsáide a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.
2.2	Plean cumarsáide bliantúil a chur ar fáil do CLG roimh mhí na Samhna gach bliain ina luaitear tograí agus teachtaireachtaí réamhghníomhacha chun an Cumann a chur chun cinn le linn na chéad bhliana eile.	Plean cumarsáide inmheánach a chur i gcló roimh dheireadh mhí na Samhna gach bliain ina bhfuil gach gníomhaíocht pleanáilte de chuid gach rannóg luaite.
2.3	Prótacail a cheapadh maidir le cé a labhraíonn thar ceann CLG ag gach leibhéal. Tá gá le soiléiriú maidir le cé a labhraíonn thar ceann an Chumainn ag amanna áirithe. Tabharfaidh treoirlínte soiléire soiléireacht maidir leis na réimsí éagsúla a bhfuil sealbhóirí oifige áirithe freagrach as labhairt ina dtaobh. Mar shampla, an tUachtarán, an tArd-Stiúrthóir, Cathaoirligh Chúige agus Chontae, Cathaoirligh Choiste, Oifigigh Chaidrimh Phoiblí, saineolaithe i réimsí ar leith agus Stiúrthóir Cumarsáide CLG.	• Níos mó soiléireachta maidir leis an té atá freagrach as cumarsáid a dhéanamh. • Níos mó leanúnachais ó thaobh na dteachtaireachtaí a chuireann muid amach.
2.4	Athbhreithniú iomlán a dhéanamh ar chúrsaí cumarsáide go lárnach taobh istigh de CLG le déanamh cinnte go bhfuil dóthain acmhainní ann agus go bhfuil struchtúr ceart agus cuí ann do thimpeallacht nua-aimseartha seo na cumarsáide.	Dóthain acmhainní a chur ar fáil le go bhféadfaí an straitéis seo do chúrsaí cumarsáide an Chumainn a chur i bhfeidhm.
2.5	A dhéanamh cinnte go bhfuil bainistiú dhea-cháil CLG ar chlár oibre gach aonad de chuid an Chumainn. Na hoifigigh chuí a thraenáil agus a chur ar an eolas maidir le tábhacht an dúshláin seo.	Ardú feasachta maidir leis an tábhacht a bhaineann le dea-cháil CLG a bhainistiú.
2.6	Réitigh agus tabhair cumhacht do lucht cumarsáide taobh istigh den Chumann súil a choinneáil ar dhea-cháil CLG agus ról níos straitéisí a imirt i gcur chun cinn agus i gcoinneáil na dea-cháile sin.	Plean gnímh maidir le bainistiú dea-cháile a chur i bhfeidhm.
2.7	Na meáin nach gclúdaíonn cúrsaí CLG agus cúrsaí spóirt go hiondúil a mhealladh le poiblíocht a thabhairt don réimse tograí a bhíonn idir lámha ag an gCumann nach mbaineann le cúrsaí spóirt. Mar shampla, tograí a bhaineann le meabhairshláinte agus leis an nGaeilge.	• Níos mó eolais a bheith ag an mórphobal maidir le gníomhaíochtaí cultúrtha CLG agus gníomhaíochtaí nach mbaineann leis na cluichí. • Níos mó rannpháirtíochta i ngníomhaíochtaí cultúrtha agus i ngníomhaíochtaí nach mbaineann lenár gcluichí.
2.8	Suirbhéanna tionchair eacnamaíochta a choimisiniú le béim a leagan ar an tionchar dearfach atá ag an gCumann ar an tsochaí.	• Taighde déanta le tionchar CLG ar an tsochaí a mheas. • Níos mó poiblíochta ar an tionchar atá ag CLG ar an tsochaí.

SCÉAL CLG A INSINT AR BHEALAÍ NUA AGUS AR BHEALAÍ NÍOS FEARR

Ag tabhairt san áireamh na hathruithe móra millteacha atá tagtha ar thírdhreach na meán agus an dul chun cinn atá déanta i gcúrsaí teicneolaíochta, rud a thugann deis ďeagraíochtaí a bheith ag foilsiú ábhar dá gcuid féin, tá deis ann do CLG a chuid ábhar féin a chruthú agus a roinnt.

Faoi láthair, tá páirtnéirí trádála agus craolacháin, chomh maith le dreamanna eile atá bainteach le CLG, ag infheistiú go leor airgid agus acmhainní margaíochta sa dearcadh atá acu féin ar an gCumann a chur chun cinn ina bhfuil béim faoi leith ar an bpobal agus ar dhaoine óga. Tá míle fáilte roimhe seo ach ní hionann é agus CLG ag insint a scéil féin, agus smacht a bheith acu ar an scéal agus ar dhea-cháil an Chumainn.

Tá sé seo uilig ag tarlú i dtimpeallacht meán cumarsáide atá ag athrú go tapa agus atá ag éirí níos iomaíche. Tá níos mó roghanna spóirt ag an bpobal ná riamh agus iad le fáil go héasca ar ghutháin shoghluaiste, ar tháibléid nó ar ríomhairí glúine áit ar bith ar domhan. Tá tírdhreach na meán athraithe ó bhonn agus tá luas an athraithe sin ag ardú de shíor.

Ní mór do CLG na hacmhainní cuí a bheith aige lena scéal féin a insint. Ní mór dó a dhéanamh cinnte go sroicheann na formáidí a úsáideann sé, agus na bealaí a roghnaíonn sé, na daoine cearta. Ní mór dó a dhéanamh cinnte go bhfuil cuid de na daoine is fearr chun an scéal a insint in ann an scéal a insint.

Rud tábhachtach a bhaineann leis na daoine cearta a shroichint ná tuiscint a bheith ar riachtanais bhaill óga an Chumainn agus ar cad leis a bhfuil siad ag súil. Má tá tuiscint ann ar na rudaí seo tiocfaidh feabhas ar chúrsaí cumarsáide le baill óga.

Ní mór an dlúthcheangal a choinneáil leis na meáin thraidisiúnta, freisin, de bharr an luí atá acu le CLG. Áirítear na nuachtáin áitiúla agus raidió áitiúil agus pobail sna meáin seo. Muna ndéantar bainistiú ceart ar an gceangal seo d'fhéadfaí dochar a dhéanamh do dhea-cháil an Chumainn.

PRÍOMHTHOSAÍOCHTAÍ

- Fáilteoidh muid roimh gach cineál meáin agus roimh an ról atá acu i gcur chun cinn ár gcluichí i margadh atá iomaíoch agus i margadh atá ar thóir aird lucht féachana atá mór agus atá difriúil.
- Cuirfidh muid leis an eolas atá againn ar, agus glacfaidh muid chugainn féin, na formáidí nua atá ag leathnú de shíor chomh maith leis na nósmhaireachtaí cumarsáide atá ag ár lucht leanta.

Ag an am céanna, coinneoidh muid an ceangal atá againn leis na meáin thraidisiúnta atá fós ag feidhmiú i bpobail de chuid CLG.

- Tabharfaidh muid faoi cheist na rochtana teoranta ar imreoirí agus ar bhainisteoirí foirne idirchontae. Tá na daoine seo ar an daoine is tarraingtí atá againn le cluichí agus gníomhaíochtaí an Chumainn a chur chun cinn.

TEASTAÍONN NA HACMHAINNÍ CUÍ Ó CLG LENA SCÉAL FÉIN A INSINT

PRÍOMHGHÍOMHARTHA

3.1	Scéal soiléir agus leanúnach a fhorbairt do CLG. Na príomhtheachtaireachtaí straitéiseacha atá CLG ag iarraidh a thabhairt dá chuid ball agus dá chuid lucht leanta a aontú.
3.2	Straitéis nua dhigiteach agus ábhar a cheapadh do CLG a thiocfaidh leis an ábhar reatha agus leis na páirtnéireachtaí forbartha atá againn leis na meáin, agus a thabharfaidh faoi riachtanais na rannóg difriúil inmheánach. Déanfar athbhreithniú ar GAA.ie agus ar na hardáin eile dhigiteacha mar chuid de seo.
3.3	Leanúint ar aghaidh ag díriú ar lucht féachana nua agus óg le formáidí a oireann dóibh. Oibriú leis an gCoiste Óige le cinntiú go bhfuil ionchur leanúnach ag daoine óga sa straitéis agus i ngníomhaíochtaí cumarsáide chomh maith le deiseanna a chur ar fáil le haiseolas a thabhairt.
3.4	Straitéis shoiléir a chur ar bun maidir leis an gcaoi a gcuirtear teachtaireacht CLG ar aghaidh chuig na 'hÉireannaigh nua' mar mhodh chun an fáil atá acu ar an gCumann a éascu agus leis an tarraingt atá ar na cluichí a leathnú. Oibreoidh sé seo lámh ar lámh leis an bhfeachtas margaíochta ''Tá Áit Dúinn Uilig Ann'.
3.5	Athbhreithniú ar an gacoi a ndéanann CLG cumarsáid le diaspora na hÉireann timpeall an domhain.
3.6	Prótacail shoiléire a cheapadh maidir leis an bhfáil atá ag na meáin ar imreoirí agus ar bhainisteoirí tar éis tabhairt faoi phróiseas comhairliúcháin. Cabhróidh próiseas atá le tuiscint go soiléir agus atá inghlactha le CLG agus iad ag cur chun cinn a gcuid gníomhaíochtaí.
3.7	Struchtúir thacaíochta a chur ar fáil ar nós oiliúna ar na meáin d'imreoirí agus do bhainisteoirí lena spreagadh le plé leis na meáin. Cabhróidh agus cumasóidh sé seo imreoirí le hionadaíocht a dhéanamh orthu féin, ar a bhfoirne agus ar a gcontaetha.
3.8	Athbhreithniú bliantúil a dhéanamh, i gcomhar le páirtnéirí éagsúla an Chumainn sna meáin, maidir lena gcaidreamh oibre le CLG agus plean gnímh a chur le chéile gach bliain dírithe ar an gcaidreamh sin a fheabhsú go leanúnach.
3.9	Níos mó réamhghíomhachais agus trédhearcachta timpeall ar na próisis smachtaithe agus maidir leis an gcaoi a bhfógraítear cinntí an Chumainn le déanamh cinnte go bhfuil úinéireacht ag CLG ar na scéalta sin a d'fhéadfadh a bheith diúltach don Chumann, díreach ar an gcaoi chéanna go bhfuil úinéireacht acu ar scéalta dearfacha an Chumainn.

PRÍOMHTHORTHAÍ

Príomhaidhmeanna CLG a chraobhscaoileadh go leanúnach ar na meáin.
Cumarsáid dhigiteach níos éifeachtaí a dhéanamh le páirtithe leasmhara uile CLG go hinmheánach agus go seachtrach.
Cumarsáid dhéthreo níos éifeachtaí a dhéanamh leis an lucht leanta óg.
• Níos mó cumarsáide agus cumarsáid níos fearr a dhéanamh le 'hÉireannaigh Nua.' • Níos mó rannpháirtíochta sna cluichí Gaelacha agus i ngníomhaíochtaí an Chumainn i measc na 'nÉireannach Nua.'
Comhairliúchán críochnaithe le Coiste Domhanda CLG maidir le cumarsáid a dhéanamh le diaspora na hÉireann agus na príomhréimsí gnímh aontaithe.
Prótacal éifeachtach a chur ar bun maidir le ról na n-imreoirí agus na mbainisteoirí sna meáin d'fhonn cúrsaí caidrimh a fheabhsú leis na meáin chéanna agus le go mbeadh próifíl níos fearr ag ár gcluichí agus ag CLG.
Go mbeadh fáil níos fearr ag na meáin ar imreoirí agus ar bhainisteoirí agus cabhair a thabhairt dóibh a gcuid scileanna a fheabhsú le déileáil lena leithéid.
Caidrimh oibre idir aonaid CLG agus a gcuid páirtneirí sna meáin a choinneáil agus a fheabhsú.
Feasacht agus tuiscint níos fearr a thabhairt do bhaill CLG maidir leis an gcúis a ndéantar cinntí áirithe.

CREATLACH FEIDHMITHE

Is é an Stiúrthóir Cumarsáide a bheidh freagrach as cur i bhfeidhm Straitéis agus Phlean Cumarsáide CLG.

Réiteofar plean feidhmithe ina bhfuil spriocdhátaí agus freagrachtaí feidhmithe, atá aontaithe, luaite ann. Luafar an ról a bheidh le himirt ag an bhfoireann agus ag na daoine atá ag feidhmiú go deonach sa phlean. Aithneofar agus aontófar na rudaí a bheidh ag brath ar chlubanna, chontaetha, chúigí agus ar choistí náisiúnta eile ann.

Déanfar athbhreithniú ar an bplean gach bliain agus tabharfar suas chun dáta é.

AGUISÍNÍ

Plé Díreach agus Aiseolas

- Suirbhéanna ar líne déanta – 148 ina n-áirítear ionadaithe ó gach leibhéal de chuid an Chumainn ag leibhéil imeartha agus riaracháin.
- Agallaimh ar an bhfón agus aghaidh ar aghaidh – 40
- Cruinnithe de chuid na gComhairlí Cúige
- Ceardlanna – 2 (Ionadaithe ó earnáil na tionsclaíochta agus OCPnna CLG Thír Eoghain)
- Rannóg Margaíochta CLG – Suirbhé Cainníochtúil, Aibreán agus Meán Fómhair 2018: Sroichint Ionadaithe 1,198. Páirtnéirí seachtracha: Core

Taighde agus Tagairtí

- Tuairiscí straitéiseacha ó: UEFA, RNLI, Ranna Rialtais de chuid na hÉireann, Cumann Sacair Shasana

Fóraim chomhairliúcháin eile

- Coiste Bainistíochta CLG
- Oifigí Uachtarán agus Ard-Stiúrthóir CLG
- Rannóg agus Coiste Cumarsáide CLG

TÁ ÁIT DÚINN UILIG ANN

CLG, Páirc an Chrócaigh,
Áth Cliath 3

+353 1 819 2300
communications@gaa.ie